

Aighneacht - Tadhg Mac Dhonnagáin

Réamhrá

Is scríbhneoir agus foilsitheoir mé, úinéir an chomhlachta Futa Fata, teach a fhoilsíonn leabhair Ghaeilge do pháistí san aoisghrúpa 0-12. Le tamall anuas, tá inphrionta do dhaoine fásta á reáchtáil chomh maith againn – Barzaz, agus dhá leabhar foilsithe go dtí seo againn.

Éiceachóras na leabhar:

Tá sé an-tábhachtach cuimhneamh ar shaol na leabhar mar **éiceachóras**. Ba mhaith liom cur síos gairid a dhéanamh ar a bhfuil i gceist agam leis an smaoineamh sin, le go dtuigfidh sibh níos fearr, tá súil agam, céimeanna na hoibre atá i gceist le leabhar a fhoilsiú, na fadhbanna a bhaineann le laigí a bheith sa gcóras mar atá agus na céimeanna atá le tógáil leis an scéal sin a chur ina cheart.

Tá daoine éagsúla a bhfuil rólanna éagsúla acu in éiceachóras na leabhar: an **scríbhneoir** a chruthaíonn an saothar; an **gníomhaire liteartha** a dhíolann an saothar leis an bhfoilsitheoir; an **foilsitheoir** a ghlacann leis an saothar le foilsiú. Ag obair dó siúd, tá an **t-eagarthóir liteartha** a chuidíonn leis an scríbhneoir an saothar a thabhairt chuig an gcaighdeán is airde is féidir. Roinnt míonna sula gcuirtear an leabhar i gcló, bíonn **oifigeach díolaíochta** an fhoilsitheora i dteagmháil leis an siopa leabhar, leis an leabharlann, le haon eagraíocht eile a cheannóidh an leabhar. Cuireann an t-oifigeach díolaíochta cur síos mealltach ar an leabhar ar fáil, pictiúr den chlúdach, uimhir ISBN agus mar sin de. Ag an am céanna, tá an **t-oifigeach margaíochta**, atá ag obair don fhoilsitheoir, ag scaipeadh réamheolais chomh maith ar na **blagadóirí**, na **tionchairí idirlín**, na **hiriseoirí**, na **léirmheastóirí irise**, na **craultóirí**, **lucht eagraithe féilte leabhar agus ealaíon**, duine ar bith a thabharfaidh poiblíocht don leabhar. Tá an scríbhneoir, i gcomhar leis an oifigeach poiblíochta, i dteagmháil leis an bpobal trí na meáin shóisialta, ag scaipeadh réamheolais chomh maith faoin leabhar, ag nochtadh an chlúdaigh agus mar sin de. Ar feadh an ama, tá an riarachán casta ar fad a bhaineann leis an leabhar a chur i gcló á bhainistiú ag **riarthóir an fhoilsitheora**.

Agus an leabhar i gcló agus tagtha ón gclóidóir, tá an **dáileoir** ann, a scaipeann cóipeanna den leabhar chuig an siopa leabhar. Agus an leabhar foilsithe, bíonn an scríbhneoir ag cur an leabhair chun cinn, ag tabhairt cuairt ar shiopaí, ar leabharlanna, ag teacht i láthair ag féilte, agus ag scaipeadh an scéil ar na meáin shóisialta. Bíonn sí nó sé ag déanamh agallaimh le **craultóirí**, le **hiriseoirí**, le haon duine a thabharfaidh aird uirthi ná air. Bíonn an t-oifigeach margaíochta ag tacú leis an scríbhneoir ar feadh an ama agus tá an foilsitheoir ag cur an leabhair faoi bhráid lucht eagraithe na **ngradam liteartha** agus faoi bhráid na **ngníomhairí liteartha thar lear** a thriailfidh cearta den leabhar a dhíol ar fud na cruinne agus an saothar a bheith foilsithe chomh forleathan agus is féidir.

An toradh a bhfuil an t-éiceachóras ar fad ag obair ina threo ná oiread léitheoirí agus is féidir a mhealladh leis an leabhar a léamh, le haitheantas a thabhairt don scríbhneoir, le hioncam a chur ar fáil di ná dó agus don fhoilsitheoir, don dáileoir, agus don siopa leabhar. Is mar sin a thógtar an pobal.

Sin an cur chuige idéalach. Bíonn fadhbanna ann nuair nach ann beag ná mór de ghnéithe áirithe den éiceachóras, nó má bhíonn ualach na hoibre róthrom ar dhaoine ar leith agus iad ag iarraidh gach céim den phróiseas a chur i gcrích go sásúil. Sin é an uair go bhfuil ról ag an tacaíocht Stáit, le bearnaí áirithe a líonadh, cé nach ceist mhaoinithe amháin atá ann.

Mar shampla, in éiceachóras na Gaeilge, ní ann ar chor ar bith don ghníomhaire liteartha Éireannach a léann saothair agus a chuireann i láthair foilsitheoirí iad. Cén fáth? Mar fiú má bhíonn rath mór ar leabhar Gaeilge agus díolann sé cúpla míle cóip, ní bheidh mórán ioncain as don ghníomhaire, ná go deimhin don scríbhneoir ná don fhoilsitheoir. Líonann maoiniú bearna an airgid sin.

Tá sé ráite ag roinnt scríbhneoirí agus foilsitheoirí a tháinig os comhair an Chomhchoiste seo nach bhfuil eagarthóir liteartha acu le cuidiú leo an obair a thabhairt chuig caighdeán ard. Sin easnamh tubaisteach san éiceachóras. Gan eagarthóir liteartha, beidh sé i bhfad níos deacra ag an scríbhneoir ardchaighdeán scríbhneoireachta a bhaint amach – níl ach fíorbheagán scríbhneoirí atá in ann é a dhéanamh astu féin. Mura mbeidh caighdeán maith scríbhneoireachta ann, beidh sé i bhfad níos deacra an leabhar a dhíol.

Tá sé luaite ag daoine eile a tháinig romhaibh nach mbíonn plé acu le hoifigeach margaíochta – arís, seo bearna thubaisteach san éiceachóras. Mar a chéile an scéal ag an oifigeach díolaíochta atá ag scaipeadh an réamheolais ar na siopaí. Gan réamheolas a bheith ar fáil, gan plan margaíochta atá leagtha amach ag an bhfoilsitheoir, beidh sé fíordheacair figiúr sásúil díolacháin a bhaint amach.

Nuair atá an leabhar i gcló, caithfidh an dáileoir a bheith ag obair go héifeachtach agus go poncúil, ag cinntiú go bhfaighidh na siopadóirí cóipeanna den leabhar agus ag cinntiú go seolfar amach athorduithe, más ann dóibh. Gan dáileoir maith, beidh obair na díolaíochta fíordheacair. Pointe an-bhunúsach é sin.

Thart ar dheich mbliana ó shin, tháinig mé féin mar fhoilsitheoir ar an tuairim go mbeadh sé an-deacair leanacht ar aghaidh ag foilsiú mar go raibh fadhbanna móra ag baint le dhá ghné lárnacha den éiceachóras – cúrsaí díolaíochta agus cúrsaí dáiliúcháin. Bhí eagraíocht amháin ag plé leis an dá ról, sin ÁIS – ba léir go raibh an t-oifigeach díolaíochta go mór mór ag déanamh a sheacht ndícheall ach bhí ualach na hoibre i bhfad róthrom do dhuine amháin. Ní raibh mórán béim ag an dáileoir ar réamheolas a éileamh ó na foilsitheoirí le cur faoi bhráid na ndíoltóirí leabhar – arís, seans gur easpa foirne ba chúis leis an scéal a bheith amhlaidh, nó easpa tuisceana ar an éiceachóras. Pé cúis a bhí leis, ba léir gur laghdaigh an cur chuige sin an meas a bhí ag na siopaí leabhar ar an dáileoir, agus caithfear a admháil, ar earnáil na leabhar Gaeilge i gcoitinne. Nuair a chuimhníonn tú nach bhfuil léamh líofa na Gaeilge ag formhór mór na ndaoine atá ag obair i siopaí leabhar in Éirinn, is furasta frustrachas na siopaí a thuiscint.

Mar fhoilsitheoir, bhí an bhearna seo san éiceachóras ag déanamh buartha dom. Sin é an fáth gur shocraigh mo chomhlacht dáileoir eile a lorg agus ÁIS a fhágáil. Ó shin i leith, tá Gill Books ag feidhmiú mar dháileoir dúinn agus tá O'Brien Press Sales ag feidhmiú mar fhoireann díolaíochta. Tá córas beo ar líne ag Gill Books agus is féidir linn feiceáil cé na leabhair atá ag dul amach ón stóras gach lá. Bíonn a fhios againn go cruinn i gcónaí cé mhéad cóip de gach leabhar dár gcuid atá i gcló. Cuidíonn an t-eolas seo linn pleanáil chun cinn maidir le hathchló a chur ar leabhair de réir mar is gá agus cuidíonn sé linn an ghné airgeadais den ghnó a riaradh ar bhonn éifeachtach go ginearálta.

Mar sin, cé mar a sheasann an scéal maidir le héiceachóras na leabhar Gaeilge ?

Leabhair na bpáistí :

Seo an earnáil is láidre faoi láthair, sílim. Caithfear a adhmáil go bhfuil sé níos éasca leabhair na bpáistí a dhíol, mar go dtacaíonn stádas na teanga sa gcóras oideachais go mór maidir le héileamh a chruthú agus a chothú. Tacaíonn an eagraíocht Leabhair Pháistí Éireann/Children's Books Ireland, le hearnáil na Gaeilge agus tá an-obair ar siúl sna ceantair Ghaeltachta ag Tuismitheoirí na Gaeltachta. An fhianaise is soiléire, b'fhéidir, den rath atá ar earnáil na n-óg ná gur scríbhneoir a shaothraíonn i nGaeilge amháin atá mar Laureate na nÓg faoi láthair – Áine Ní Ghlinn, an chéad scríbhneoir Gaeilge a ceapadh sa ról tábhachtach sin ó bunaíodh é.

Leabhair do dhéagóirí:

Foilsítear corrleabhar do dhéagóirí ach is gá an soláthar a leathnú go mór agus is gá an t-éiceachóras a fhorbairt. Tá gá le réimse leabhar nua de dhá chineál:

- i. leabhair atá dírithe ar chainteoirí dúchais agus ar chainteoirí Gaelscoile ar fud an oileáin,
- ii. téacsanna *high-low*, mar a thugtar orthu – i. leabhair a bhfuil leibhéal sofaisticiúil ó thaobh na síceolaíochta de ar fáil iontu, ach leibhéal na teanga a bheith dírithe ar dhaoine atá ag plé le Gaeilge i scoileanna a mhúineann trí Bhéarla.

Is gá bheith ag cur leis an obair bhreá a rinne Cló Mhaigh Eo, nach bhfuil ann níos mó, agus Leabhar Breac atá ag treabhadh leo, i réimse na n-úrscéalta grafacha, idir bhunsaothair ó scríbhneoirí Gaeilge agus aistriúcháin isteach. Tá an-tábhacht le scríbhneoirí dar gcuid féin a oiliúint i seánra sainiúil an YA – *young adult*. Ní léifidh déagóirí Gaeilge ar bhonn idé-eolaíoch, agus níor cheart dóibh. Tá Béarla acu ar fad. Cuirfidh siad an leabhar Gaeilge i gcomparáid leis na saothair Bhéarla is ansa leo. Mar sin, beidh ar an scríbhneoireacht a bheith ar ardchaighdeán cumadóireachta agus eagarthóireachta le dul i bhfeidhm ar dhéagóirí na hÉireann. Tá obair mhór le déanamh agus creidim gur cheart ciste ar leith a chur ar fáil le díriú go córasach ar an obair. Beidh tacaíocht na scoileanna ag teastáil, rud a bheidh dúshlánach mar go mbíonn brú ar mhúinteoirí meánscoile díriú ar scrúduithe. Ach tá géarghá leis an droichead seo a thógáil idir na léitheoirí óga agus na léitheoirí fásta.

Leabhair do dhaoine fásta:

Tá scríbhneoirí breátha ann, tá caighdeán ard ag baint le saothar chuid mhór daoine a fhoilsítear. Tá gá le bheith ag cur le héagsúlacht an tsoláthair, agus gá ar leith, creidim féin, le tuilleadh úrscéalta comhaimseartha agus le hábhar neamhfhicsin comhaimseartha nach ábhar acadúil é. Tá búnús maith d'éiceachóras ann ach is gá é a fhorbairt tuilleadh. Cé go bhfuil borradh breá faoi phobal na leabhar ar líne, agus neart plé chuile lá faoi chúrsaí na leabhar, go mór mór ar an ardán Twitter, tá dúshlán ar leith ag baint le leabhair Ghaeilge do dhaoine fásta a phoibliú – mar shampla, tá sé fíordheacair poiblíocht a fháil sna meáin Bhéarla do leabhar Gaeilge. Sin poll mór san éiceachóras a bhfuil impleachtaí leathana aige. Tá RTÉ Raidió na Gaeltachta an-tacúil – ba mhaith liom an clár An Cúinne Dána a lua ach go háirithe, ach ba cheart do Raidió a hAon, agus seirbhís theilifíse RTÉ, a bhfuil dualgas orthu maidir le craoltóireacht seirbhís phoiblí, polasaí cinnte a bheith acu maidir le haitheantas breise a thabhairt do leabhair Ghaeilge ar a gcuid cláracha Béarla, agus ní hamháin sin ach an polasaí sin a chur i bhfeidhm chomh maith. Tá mé ag cuimhneamh go háirithe ar an gclár ealaíon, Arena ar RTÉ Raidió a hAon, mar áit le tosú.

Céard is féidir a dhéanamh go praiticiúil?

1. Leibhéal maoinithe 2008:

An éagóir a bhain leis an ngearradh siar tubaisteach atá déanta ar mhaoiniú Chlár na Leabhar ó 2008 a chur ina cheart agus an leibhéal a bhí ann in 2008 ar a laghad, €1.8milliún, a chur ar fáil an athuair. San achar ama sin idir 2008 agus 2021, tráth a raibh an maoiniú titithe go €1.06 milliún, d'éirigh ceithre cinn de thithe foilsitheoireachta tábhachtacha as – An Clóchomhar, Sairséal Ó Marcaigh, Cló Mhaigh Eo agus Cois Life agus laghdaigh teach eile, Móinín, scála a gcuid oibre go mór. Tháinig teach eile ar an saol, Éabhlóid agus is breá an obair a dhéanann siad, ach is gá deis forbartha a thabhairt do na tithe atá ann – ní airgead mór atá i gceist.

Ach céard a dhéanfaí leis an airgead?

2. Cúrsaí foirne sna tithe foilsitheoireachta:

Tacú le gach teach foilsitheoireachta oibriú i dtreo bunleibhéal foirne ar a laghad a fhostú – stiúrthóir, eagarthóir, riarthóir agus oifigeach poiblíochta. Bídís sin ina ndaoine páirtaimseartha nó lánaimseartha, ach tá an-tábhacht leis na rólanna sin a scaradh amach óna chéile. Sin aidhm nach bhfuil bainte amach go hiomlán ag an teach s'againn féin, ach tá muid ag obair ina threo agus dóchas againn gur gearr go mbeidh.

Is míorúilteach an méid a dhéanann tithe áirithe le foireann níos lú ná an bhunfhoireann atá liostáilte agam, go mór mór tithe beaga atá ag díriú go láidir ar mhargadh na ndaoine fásta. Ach más míorúilteach, ní cur chuige inmharthanach atá ann agus má fhágtar cúrsaí mar atá, tiocfaidh laghdú breise ar líon na bhfoilsitheoirí.

3. An eagarthóireacht liteartha:

Eagarthóirí **liteartha** a oiliúint agus an oiliúint sin a bheith ag tarraingt ar shaineolas atá níos leithne ná saol na Gaeilge amháin. Is minic fós go gcuimhnítear ar an eagarthóireacht i dtéarmaí na profléitheoireachta amháin, próiséas atá fíorthábhachtach agus riachtanach le déanamh go críochnúil, ach nach ionann í agus an eagarthóireacht liteartha. Is eisceachtúil an scríbhneoir atá in ann saothar d'ardchaighdeán a chruthú gan cúnaimh agus treoir ó eagarthóir liteartha. Seo pointe an-bhunúsach.

4. Leabharlanna:

Tá eanáil na leabharlanna an-tacúil, ach is gá tuilleadh acmhainní a bheith caite ar leabhair Ghaeilge. Ba cheart tathaint ar na húdaráis ó thuaidh chomh maith breis leabhar Gaeilge a chur ar fáil i leabharlanna na sé chontae. Ba cheart leabharlannaithe a oiliúint sa dá dhlínse i dteanga na Gaeilge agus i gcultúr na leabhar sa teanga – beidh na leabharlannaithe sin fós bheith in ann freastal ar an bpobal i mBéarla, ar ndóigh.

5. Oiliúint ghairmiúil scríbhneoirí:

Tacú le scríbhneoirí atá i mbun pinn le tamall oiliúint ghairmiúil a chur orthu féin agus an mheantóireacht sin a chuartú taobh amuigh de shaol na Gaeilge más gá.

6. Bunioncam d'ealaíontóirí:

Féachaint chuige go dtacódh an scéim nua a bhaineann le bunioncam a thabhairt d'ealaíontóirí le scríbhneoirí agus le haistritheoirí liteartha atá ag plé leis an nGaeilge.

7. Litríocht na Gaeilge agus an margadh domhanda:

Tacaíocht ar leith a thabhairt do Litríocht Éireann/Literature Ireland agus do na foilsitheoirí le gur féidir leo díriú níos fearr ar litríocht na Gaeilge a chur chun cinn thar lear, rud a chuirfidh le stádas na teanga agus le hioncam na scríbhneoirí, na maisitheoirí agus na bhfoilsitheoirí. Maoiniú a chur ar fáil le haistriúcháin oibre i mBéarla a réiteach, rud atá riachtanach agus cearta á ndíol thar lear.

8. Oiliúint ghairmiúil d'aistritheoirí liteartha:

Oiliúint ghairmiúil a chur ar fáil d'aistritheoirí liteartha Éireannacha le gur féidir leo tuilleadh de scothlitríocht chomhaimseartha an domhain mhóir a chur ar fáil sa nGaeilge. Leis an smaoineamh seo a chur i gcomhthéacs - bhí teagmháil ag mo chomhlacht le gairid le foilsitheoir sa tSeirbia, teach atá ag plé le litríocht do dhaoine fásta. Dúradh linn gur aistriúcháin ó theangacha eile iad 70% de na leabhair a fhoilsíonn siad. Tá seacht milliún duine ina gcónaí sa tSeirbia.

9. Oiliúint ghairmiúil d'aistritheoirí eachtrannacha le Gaeilge:

Oiliúint ghairmiúil a chur ar fáil d'aistritheoirí eachtrannacha a bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu le tacú leo litríocht na Gaeilge a aistriú go díreach ón teanga s'againne go teangacha eile.

Focal Scoir

Nuair a chuimhnítear ar a laghad daoine atá ann a mbeadh an leibhéal teanga acu leabhar Gaeilge a léamh, is éachtach an méid atá ag tarlú i saol na foilsitheoireachta Gaeilge. Ach tá roinnt mhaith daoine a bhfuil an leibhéal teanga chuí acu nach léann i nGaeilge mar go bhfuil na leabhair a chuireann foilsitheoirí móra Béarla na Breataine níos mealltaí. Caithfear leabhair a chur ar fáil do na daoine sin. Chuige sin, teastóidh breis scríbhneoirí agus eagarthóirí liteartha oilte, daoine a chreideann gur fiú an dua, go bhfuil idir aitheantas agus ioncam le fáil ón obair a chuireann siad isteach.

Ní cur chuige inmharthanach é an cur chuige reatha. Is féidir roinnt mhaith de na fadhbanna a leigheas ach teastóidh breis acmhainní agus iad caite go cúramach agus go córasach.